An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# **Punann teanga an scoláire:** Treoirlínte don scoláire

## Liotuáinis na hArdteistiméireachta

**Eanáir 2022**

**Gabhtar buíochas le scoláirí ó mheánscoil an Teaghlaigh Naofa, Droichead Nua, Co. Chill Dara as cead a gcuid machnamh a úsáid ar an bpróiseas punainne teanga.**

# An Clár Ábhar

**04** An Réamhrá

**06** Treoir don scoláire

**06** Cad is punann teanga ann?

**07** Cad é an cuspóir atá le punann teanga?

**08** Cad atá laistigh de phunann teanga?

**10** Conas a chuirfidh mé le mo phunann?

**12** Cén chaoi a n-úsáidtear an phunann le haghaidh measúnaithe?

**13** Príomhscileanna

**13** Measúnú don teistiúchán

**14** Cén ról atá ag an bpunann sa bhéaltriail?

**20** Ceisteanna Coitianta

**22** **Aguisíní**

1: Leideanna ginearálta machnaimh 22
2: Spriocanna ginearálta agus machnamh 23
3: Spriocanna a bheartú 24
4: Machnamh a dhéanamh ar an thasc/tionscadal 26
5: Machnamh a dhéanamh ar eispéiris idirchultúrtha 27
6: Machnamh a dhéanamh ar theanga agus ar chultúr 29
7: Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidim teangacha 30
8: Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a réitím fadhbanna cumarsáide 32
9: Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbím ag foghlaim 33
10: Tacaíocht bhreise 34

# Réamhrá

Cruthaíodh na treoirlínte seo chun tacú le scoláirí i dtaca le punanna teanga a fhorbairt le haghaidh sonraíochtaí teanga na hArdteistiméireachta don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis.

## Tá sé mar sprioc acu:

- cúlra na punainne teanga a mhíniú
- cur síos a dhéanamh ar sprioc na punainne agus í a shoiléiriú
- breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a dtacaíonn an phunann le foghlaim, teagasc agus measúnú
- treoir agus samplaí a sholáthar don scoláire agus é/í ag cur a phunainne le chéile
- teimpléid machnaimh a sholáthar chun tacú leis an scoláire spriocanna a leagan síos agus machnamh a dhéanamh ar an sprioctheanga a úsáid agus a fhoghlaim. Is féidir na teimpléid seo a oiriúnú chun freastal ar chomhthéacs an fhoghlaimeora.

## An phunann teanga: Cúlra agus réasúnaíocht

Is é fís na sraithe sinsearaí go mbíonn an scoláire i gceartlár an eispéiris oideachasúil agus tá sé mar sprioc aici a chur ar chumas an scoláire a bheith seiftiúil agus muiníneach agus ina rannpháirtí gníomhach sa tsochaí, a fhorbraíonn cumas foghlama le linn a shaoil. Ar chéim phraiticiúil, tacaíonn na rudaí seo a leanas leis seo:

- cur chuige teagaisc agus foghlama a spreagann agus a chothaíonn spéis an scoláire, a chuireann ar a chumas dul chun cinn a dhéanamh, a chuid foghlama a dhoimhniú agus a chur i bhfeidhm, agus a chumas chun machnamh a dhéanamh ar a chuid foghlama a fhorbairt
- cultúr scoile ina bhfuil meas ar an scoláire, a spreagann é/í le freagracht a ghlacadh as a chuid foghlama féin le himeacht aimsire, agus a chothaíonn grá don fhoghlaim.

Tá sé mar sprioc ag sonraíochtaí teanga iasachta na hArdteistiméireachta don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis cumas an scoláire a fhorbairt maidir

- leis an sprioctheanga a úsáid chun críocha cumarsáide
- leis an idirthuilleamaíocht idir teanga agus cultúir a scrúdú
- le tuiscint ar an luach a bhaineann le teangacha a chothú
- le hinniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha an scoláire a fhorbairt

Úsáideadh cur chuige creata chun sonraíochtaí a fhorbairt i gcomhair fhoghlaim agus teagasc na Liotuáinise, na Polainnise agus na Portaingéilise. Baineann cur chuige coiteann leis seo i ngach sonraíocht lena n-áirítear an réamhrá, na spriocanna, na hionchais don scoláire agus na cuir chuige measúnaithe.

Tá sonraíocht teanga iasachta na hArdteistiméireachta don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis dírithe ar scoláirí ó gach cúlra teanga. Áirítear anseo scoláirí ó chúlraí teanga oidhreachta, ach níl sé teoranta dóibh. Tá na sonraíochtaí don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis ailínithe go ginearálta le leibhéil A2/B1 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE).[1]

[1] Ceapadh FTCE chun bonn trédhearcach, comhleanúnach agus cuimsitheach a sholáthar chun siollabais teanga agus treoirlínte curaclaim a mhionsaothrú, ábhair teagaisc agus foghlama a dhearadh, agus measúnú a dhéanamh ar inniúlacht sna teangacha iasachta. Tá an FTCE aistrithe go dtí os cionn 40 teanga agus úsáidtear é ar fud na hEorpa agus i mór-ranna eile.

# Treoir don scoláire

## Cad is punann teanga ann?

Is spás é an phunann teanga ina mbíonn tusa, an scoláire, in ann an próiseas agus an dul chun cinn atá á dhéanamh agat i do thuras foghlama teanga a thaifeadadh, spás a dhíríonn ar do thuras teanga féin.


Forbraítear an phunann do Liotuáinis, do Pholainnis agus do Phortaingéilis na hArdteistiméireachta thar thréimhse ama a mhaireann dhá bhliain (an cúigiú agus an séú bliain).

Is féidir leat do phunann teanga a úsáid chun cur síos rialta a dhéanamh ar do spriocanna foghlama teanga, chun an méid a thugann tú faoi deara maidir leis an teanga a thaifeadadh agus chun machnamh a dhéanamh ar do dhul chun cinn agus ar chultúir na tíre sprioctheanga/ na dtíortha sprioctheanga agus na pobail. D'fhéadfá cur síos a dhéanamh freisin ar na céimeanna is gá duit a ghlacadh chun dul chun cinn níos mó a dhéanamh mar fhoghlaimeoir teanga agus mar úsáideoir teanga.

MO PHUNANN TEANGA


- CÉN CHAOI AR CHABHRAIGH MO P.T. LIOM?

Ní raibh a fhios agam cad ba phunann teanga ann nó cén fáth a raibh orainn ceann a dhéanamh. Ach, agus mé ag féachaint siar, táim ríbhuíoch go ndearna mé é! Chabhraigh mo phunann teanga liom forbairt a dhéanamh mar chainteoir na teanga sin. Chabhraigh sí liom cuntas a choinneáil ar mo dhul chun cinn agus ar na nithe a raibh orm forbairt a dhéanamh orthu freisin. Agus mé ag cur rudaí isteach i mo phunann, fuair mé amach an t-uafás rudaí faoi chultúr na tíre ina labhraítear mo theanga.



- CÉARD IS BRÍ LE P.T. DOM FÉIN?

Is éard is brí le punann teanga dom féin go pearsanta ná gur féidir liom an fás ar mo mhuinín agus mé ag úsáid teanga a thaifeadadh. Sílim gurb é mo bhealach praiticiúil é chun mo theanga a úsáid ar bhealaí difriúla.



Bhí físeáin, taifeadtaí gutha agus píosaí i scríbhinn curtha isteach i mo phunann agam agus mé ag baint an úsáid ab fhearr ab fhéidir as mo theanga ag an am sin. Ansin, nuair a bhreathnaigh mé siar orthu, nuair a d'éist mé leo arís agus nuair a léigh mé arís iad, bhí mé in ann mo bhotúin féin a cheartú, foghlaim uathu, agus fás a dhéanamh.

Is léargas ar m'fhás pearsanta í agus táim fíorbhródúil aisti!

**Sampla de mhachnamh an scoláire ar a thaithí ar phunann teanga a úsáid**

# Cad é an cuspóir atá le punann teanga?

Is é cuspóir na punainne teanga, spás a chruthú inar féidir leat taifead a choinneáil agus machnamh a dhéanamh ar d'inniúlacht teanga atá ag fás agus d'inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha. Ciallaíonn sé nach mór duit smaoineamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agat mar fhoghlaimeoir teanga.

Tacaíonn punanna teanga leat agus tú ag forbairt mar fhoghlaimeoir teanga neamhspleách, ar feadh an tsaoil. Is féidir leat é seo a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bpunann chun:

- ✓ **Spriocanna foghlama teanga/ spriocanna le haghaidh feabhsúcháin**
- ✓ **Téacsanna éagsúla a bhailiú** [2]
- ✓ **Comhoibriú le daoine eile**
- ✓ **Do chuid oibre féin a mheasúnú**
- ✓ **Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn tú agus a n-úsáideann tú an teanga**
- ✓ **Do ghnóthachtáil a dhoiciméadú agus a cheiliúradh**
- ✓ **Ceangal le tuismitheoirí, múinteoirí agus pobal na sprioctheanga**
- ✓ **Meastóireacht a dhéanamh ar d'inniúlacht teanga**

Mar chuid de do ghnáth-obair ranga, beidh go leor deiseanna agat chun an chaoi a mbíonn tú ag foghlaim agus a n-úsáideann tú teangacha agus an méid atá foghlama agat faoi phobail teanga a thaifeadadh agus a thabhairt faoi deara.

Spreagann punanna teanga timpeallacht foghlama teanga dhearfach, chomhoibríoch a cheiliúrann d’indibhidiúlacht, do chruthaitheacht, agus d’fhéiniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha féin.

Éascaíonn an phunann teanga duit do chuid spéiseanna a shaothrú trí mheán na sprioctheanga agus machnamh a dhéanamh ar do thaithí foghlama teanga féin. Is éard atá i gceist leis seo ná cur chuige i leith foghlama agus teagaisc ina mbíonn tusa, an scoláire, lárnach. Is eispéireas an-spreagúil é punann a chruthú agus a fhorbairt nó éascaíonn sé duit d’fhéiniúlacht a chur in iúl.

[2] Sainmhíniú ar Théacsanna: Is féidir téacs a thabhairt ar gach táirge a bhaineann le húsáid teanga: teanga labhartha, scríofa, fhísiúil, nó ilmhódach. Ceanglaíonn téacsanna ilmhódacha an teanga de chórais eile le haghaidh cumarsáide, mar shampla téacs clóite, íomhánna amhairc, fuaim agus an focal labhartha.

# Cad atá laistigh de phunann teanga?


Áireofar sa phunann teanga raon leathan míreanna, amhail:

- **Spriocanna foghlama**
- **Réimse leathan téacsanna i bhformáidí éagsúla (lámhscríofa, clóite, ilmhódach, labhartha, etc.) - d'fhéadfadh dréachtaí éagsúla téacs a bheith san áireamh leis seo.** [3]
- **Tionscadail**
- **Ábhair chlosamhairc**
- **Machnaimh Foghlaimeora (mar shampla, féach Aguisíní 4-7, Leathanaigh 26-31)**
- **Logchomhaid Foghlama** [4] **(mar shampla, féach Aguisín 8, leathanach 32)**

Aithnítear sa chomhthéacs seo go bhféadfaí do chuid téacsanna cruthaithe a chur i láthair i bhformáidí éagsúla — lámhscríofa, ilmhódach, agus mar sin de. Tá sainmhíniú ar théacsanna ar fáil ar leathanach 20 i rannóg na gceisteanna coitianta.

[3] Le haghaidh tuilleadh samplaí de théacsanna, féach 'Téacsaanna a Roghnú agus a Chruthú don Phunann' ar leathanach 10 den doiciméad seo

[4] Freagairt phleanáilte fhóinteach leantach scríofa ar eispéireas foghlama is ea loga foghlama. Is féidir na logaí seo a choinneáil i bpunann (ar líne nó i scríbhinn). Is féidir go gcabhródh siad leis an scoláire agus leis an múinteoir i dtaca leis an turas foghlama. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí iad a roinnt le scoláire eile nó i ngrúpa beag




**Sampla de mhachnamh an scoláire ar a thaithí ar phunann teanga a úsáid**

# Conas a chuirfidh mé le mo phunann?

Cuirfidh tú le do phunann teanga thar an dá bhliain den tsraith shinsearach le treoir agus treo ó do mhúinteoir.

Tá sé tábhachtach breathnú ar an bpunann teanga mar chuid an-tábhachtach de do chuid foghlama a thacóidh leat san fhoghlaim agus chun an teanga atá tú a fhoghlaim a úsáid.

## Téacsanna a roghnú agus a chruthú don phunann

Díreofar an ghníomhaíocht ar raon téacsanna a chruthú a bhaineann le do shaol féin agus leis an bpobal sprioctheanga.

I bhformhór na gcásanna, tiocfaidh an saothar i do phunann as gnáthobair ranga. Mar sin, d'fhéadfá iontráil blag nó ríomhphost a scríobh, nó d'fhéadfá físeán gearr a dhéanamh, agus ansin an píosa saothair sin a roghnú

le cur isteach sa phunann. Má mheasann tú, tráth níos déanaí, go bhfuil píosa saothair eile ar chaighdeán níos fearr, ansin féadfar an píosa sin a chur leis an bpíosa a rinneadh ní ba luaithe nó é a chur isteach ina áit.

Ba chóir go mbeadh go leor cineálacha téacsanna éagsúla san áireamh i do phunann. Seo roinnt samplaí de théacsanna a d'fhéadfá a chur san áireamh. Níl iontu ach samplaí agus tá, ar ndóigh, formáidí eile ann a bhféadfadh sé go mbeifeá ag iarraidh iad a chruthú.

- **Tuairiscí, tionscadail, agus creatlacha cuir i láthair**
- **Téacsanna cruthaitheacha amhail cartúin, blaganna, ríomhphoist, scéalta, filíocht**
- **Píosaí ealaíne, grianghraif, gearrtháin ó nuachtáin nó ó irisí**
- **Taifeadtaí fuaime agus / nó físe de chur i láthair, taispeántais, etc.**
- **Cleachtaí obair bhaile scríofa, tascanna, tionscadail, scrúduithe**
- **Nótaí ar cheachtanna**

## Bain úsáid as do phunann teanga chun tacú le machnamh

Cé go mbíonn formhór na ndaoine ag dul i ngleic le machnamh ar bhonn laethúil, tarlaíonn go leor machnaimh nuair a bhímid inár n-aonar agus ciúnas thart orainn. Soláthraíonn an phunann spás freisin chun machnamh a dhéanamh ar do chuid foghlama ar bhealach níos struchtúrtha.

Cabhraíonn machnamh leat tú féin a thuiscint níos fearr mar fhoghlaimeoir. Cabhróidh sé leat a shainaithint conas a fhoghlaimíonn tú, an méid a thaitníonn leat mar fhoghlaimeoir teanga agus an méid atá deacair duit, ionas gur féidir leat spriocanna a leagan síos le haghaidh feabhsúcháin.

Seo roinnt smaointe chun machnamh a dhéanamh ar do chuid foghlama: d'fhéadfá

- cuspóirí agus spriocanna a leagan amach a bhfuil tú ag obair ina dtreo
- machnamh a dhéanamh ar do thaithí phearsanta ar an teanga a úsáid
- machnamh a dhéanamh ar na rudaí a thugann tú faoi deara maidir le teanga agus cultúir
- machnamh a dhéanamh ar do chuid gnóthachtála sa teanga.

Gné amháin den mhachnamh atá an-tábhachtach i do phunann teanga is ea féinmheasúnú. Ligeann féinmheasúnú duit do dhul chun cinn féin a mheas mar fhoghlaimeoir teanga.

Pléifidh tú féin agus do mhúinteoir cad iad na hionchais atá ann do d'fhoghlaim teanga i gcoitinne agus d'aon aonad foghlama go háirithe. Má tá tú soiléir faoi na hionchais, beidh tú in ann do chuid oibre a mheas i gcoinne na n-ionchas seo. Ansin is féidir leat machnamh a dhéanamh ar an méid atá bainte amach agat, spriocanna a shocrú le haghaidh feabhsúcháin agus breathnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh agat san fhoghlaim le himeacht ama. Seo roinnt samplaí d'fhéinmheasúnú:

- na hionchais atá agat a phlé le do mhúinteoir
- critéir ratha a chomhshocrú le do mhúinteoir
- cuspóirí agus spriocanna a shocrú a bhfuil baint acu le torthaí foghlama na sonraíochta
- meastóireachtaí ar phíosa oibre atá déanta agat.


# Cén chaoi a n-úsáidtear an phunann le haghaidh measúnaithe?

Agus tú ag baint úsáid as an bpunann teanga, spreagtar thú chun spriocanna a shocrú do do chuid foghlama, chun logaí/ taifid de do chuid foghlama a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh ar do dhul chun cinn trí machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a baineadh amach. Spreagfar thú freisin chun féinmheasúnú a dhéanamh ar do chuid oibre agus piarmheasúnú a dhéanamh ar obair comhscoláirí ranga.

### Trí mhachnamh a dhéanamh ar do chuid foghlama agus ag trí do chuid oibre nó obair daoine eile a mheasúnú, beidh tú


- ag éirí níos feasaí ar an eolas agus na scileanna teanga atá forbartha agat
- ag sainaithint réimsí sonracha láidreachta agus deacrachta atá agat i bhfoghlaim teanga
- ag forbairt agus ag cur plean gníomhaíochtaí le chéile d'fhoghaim teanga amach anseo
- ag fáil tuiscint níos fearr ort féin agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn tú
- ag glacadh níos mó freagrachta ort féin as do chuid foghlama féin

### Go hachomair: An próiseas maidir le do phunann a chruthú



# Príomhscileanna

Chomh maith le d'inniúlacht teanga a fhorbairt, cabhróidh tógáil do phunainne teanga leat príomhscileanna na sraithe sinsearaí a fhorbairt. Cabhróidh na scileanna seo leat le linn do chuid ama ar scoil agus amach anseo, nuair a bheidh tú rannpháirteach sa tsochaí, lena n-áirítear saol an teaghlaigh, saol na hoibre agus foghlaim ar feadh an tsaoil.




# Measúnú don teistiúchán

Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh teistiúchán i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis a riar agus a mheasúnú.

Úsáidtear an phunann teanga chun comhrá agus plé a spreagadh nuair a bhíonn an bhéaltriail ar siúl, ach ní dhéanfar measúnú ar an bpunann féin chun críocha teistiúcháin.

# Cén ról atá ag an bpunann sa bhéaltriail?

Mar atá leagtha amach i sonraíochtaí na Liotuáinise, na Polainnise agus na Portaingéilise

> **déanfar measúnú sa bhéaltriail ar inniúlacht teanga. Díreofar i gcuid di ar phlé ar an bPunann Teanga.**

## Déanfar measúnú sa bhéaltriail ar inniúlacht an scoláire:

- an spriocthteanga a úsáid le cruinneas, líofacht agus castacht atá comhsheasmhach le riachtanais na sonraíochta, fad is a úsáidtear gabhchumas, idirghníomhú, táirgeadh agus idirghabháil labhartha
- feasacht a léiriú ar phobail agus ar chultúir na spriocthteanga
- plé a dhéanamh ar shampla de théacsanna óna phunann teanga a léiríonn na gnéithe ilteangacha agus ilchultúrtha dá thuras foghlama teanga.

Ciallaíonn sé seo go mbeidh deis agat labhairt faoi chuid de na téacsanna i do phunann a léiríonn do chuid foghlama agus do rannpháirtíocht leis na torthaí foghlama. Beidh tú in ann labhairt freisin faoin gcaoi ar chuir do thaithí ar fhorbairt do phunainne le do thuiscint atá ag fás ar ghnéithe teanga, illteangacha agus ilchultúrtha.

Mar shampla, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort:

- cur síos a dhéanamh ar idirghníomhaíocht a roghnaigh tú a chur san áireamh i do phunann (e.g. taifeadadh fuaime nó físeán de chomhrá, agallamh, rólimirt etc.) Nuair a chomhoibrigh tú i dtasc simplí praiticiúil le duine eile/le daoine eile (CLC19) [5]
- labhairt faoi théacs a thaispeánann conas a bhí tú in ann "taighde a dhéanamh ar ghnéithe den oidhreacht chultúrtha éagsúil, mar shampla ealaín..." (PPC11)
- téacs a phlé a thaispeánann conas a rinne tú taighde agus a d'fhoghlaim tú faoi "ghnéithe den tír spriocthteanga/de na tíortha spriocthteanga, pobail, pobail agus cultúir, mar shampla imeacht stairiúil suntasach..." (PPC10)

---

[5] Tagraíonn aon tagairtí do PPC agus CLC do thorthaí foghlama sa tsonraíocht. Is féidir na torthaí foghlama uile a fháil sa doiciméad sonraíochta ábhartha ag https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/

- comhrá a bheith agat faoin gcaoi ar fhorbair tú píosa agus chuir feabhas air, bunaithe ar aiseolas a fuair tú (PPC8)
- cur síos a dhéanamh ar théacs a chruthaigh tú a thaispeánann go n-aithníonn agus go dtuigeann tú na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an teanga atá tú a fhoghlaim agus teangacha eile atá ar eolas agat (PPC6).

Níl an liosta seo uileghabhálach agus d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort labhairt faoi ghnéithe eile de do phunann.

**NB:** Ní thabharfaidh tú do phunann ná píosaí aonair ó do phunann isteach leat sa bhéaltriail.

# Ról an mhúinteora chun tacú leis an scoláire a phunann teanga a fhorbairt

Tá foirmeacha éagsúla ag an measúnú sa tsraith shinsearach agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí measúnaithe éagsúla le foghlaim teanga an scoláire trí chabhrú leo na chéad chéimeanna eile sa phróiseas foghlama agus teagaisc a shainaithint, chun aird a tharraingt ar réimsí deacrachta nó láidreachta sonracha agus chun gnóthachtáil an scoláire a scrúdú agus a dheimhniú.

## Measúnú Foirmitheach

Baineann punann teanga an scoláire leis an bpróiseas measúnaithe foirmitheach a thiteann amach i rith an chúigiú agus an tséú bliain.

Bíonn an measúnú foirmitheach nuair a úsáidtear nósanna foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú i rith an phróisis foghlama, agus nuair a úsáidtear iad chun teagasc a chur in oiriúint do riachtanais an scoláire.

Cuireann an próiseas ar chumas an mhúinteora agus an scoláire eolas a bhailiú faoi dhul chun cinn an scoláire, agus athruithe a mholadh ar chur chuige an mhúinteora i leith teagaisc agus ar chur chuige an scoláire i leith foghlama. Cuimsíonn measúnú chun foghlama gach gné den mheasúnú foirmitheach ach bíonn fócas faoi leith ann ar ról gníomhach an scoláire ina chuid foghlama féin.

## Aiseolas Foirmitheach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí teanga

> **Is é an modhnóir aonair is cumhachtaí a chuireann le gnóthachtáil ná aiseolas. An t-oideas is simplí atá ar fáil chun an t-oideachas a fheabhsú ná moll mór aiseolais.**
> **Ní chiallaíonn sé seo gur gá go leor tástálacha a úsáid agus treoracha ró-fhorfheidhmithe a sholáthar.**
> **Ciallaíonn sé faisnéis a sholáthar maidir le conas agus cén fáth a thuigeann agus nach dtuigeann an scoláire rudaí, agus cad iad na treoracha a chaithfidh an scoláire a thógáil chun feabhsú.**[6]

Tá sé riachtanach aiseolas a thabhairt don scoláire chun foghlaim a fheabhsú toisc go mbíonn tionchar aige ar spreagadh an scoláire chun foghlama agus ar a chumas foghlama. Áirítear, le haiseolas atá ar ardchaighdeán, a insint don scoláire faoin méid a rinne sé nó sí go maith agus faoion méid a chaithfidh sé nó sí a dhéanamh chun an obair a fheabhsú. Áirítear leis freisin spriocanna an scoláire a chur i gcuimhne dó (na hintinní foghlama). Tugtar aiseolas atá ar ardchaighdeán i gcónaí i gcoinne critéar sainiúil comhaontaithe le haghaidh ratha.




Sampla de mhachnamh an scoláire ar a thaithí ar phunann teanga a úsáid

[6] Influences on Student Learning, John Hattie, 1999

## Aiseolas Éifeachtach [7]




### Aiseolas éifeachtach

- ✓ Dírithe ar chaighdeán oibre an scoláire
- ✓ Bainteach le critéir ratha chomhaontaithe
- ✓ Ag sainaithint ratha agus gnóthachtála
- ✓ Ag cur in iúl moltaí le haghaidh feabhsúcháin
- ✓ Ag spreagadh smaointeoireacht an scoláire
- ✓ Ag soláthar dóthain ama le go dtarlóidh an feabhsúchán

[7] Focus on Learning, Formative Feedback, CNCM, 2015, lch 5.
Ar fáil ag https://ncca.ie/media/1925/assessment-booklet-3_en.pdf

## Machnamh an scoláire a spreagadh [8]

Cé go mbíonn formhór na ndaoine ag dul i ngleic le machnamh ar bhonn laethúil, tarlaíonn go leor machnaimh nuair a bhímid inár n-aonar agus ciúnas thart orainn. Níl cleachtadh ag formhór scoláirí ar mhachnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama ar bhealach struchtúrtha. Beidh cabhair ag teastáil uathu chun scileanna a fhorbairt sa smaointeoireacht mhachnamhach agus sa scríbhneoireacht. Múintear an scil seo sa tsraith shóisearach agus mar sin beidh an chuid is mó de na scoláirí eolach air agus foghlaimeoidh siad conas é a fhorbairt de réir mar a théann siad chun cinn tríd an tsraith shinsearach.

Trí mhachnamh a dhéanamh "san" fhoghlaim agus "ar" fhoghlaim, is féidir leis an scoláire

- éirí níos feasaí ar na scileanna eolais agus teanga atá forbartha aige nó aici
- láidreachtaí agus réimsí le forbairt a shainaithint
- plean gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur le chéile don fhoghlaim amach anseo
- tuiscint níos fearr a fháil air nó uirthi féin agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé nó sí
- níos mó freagrachta a ghlacadh air nó uirthi féin as a chuid foghlama féin

## Féinmheasúnú an scoláire agus Piarmheasúnú

Agus é nó í ag baint úsáid as a phunann, spreagfar an scoláire chun a chuid oibre a fhéinmheas agus a phiarmheas agus cabhróidh sé seo leis nó léi tuilleadh forbartha a dhéanamh mar fhoghlaimeoir agus mar úsáideoir teanga neamhspleách.

Mar atá leagtha amach níos luaithe sa doiciméad seo, spreagfar an scoláire chun spriocanna a shocrú dá chuid foghlama, chun logaí foghlama a chruthú agus monatóireacht a dhéanamh ar a dhul chun cinn trí machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a baineadh amach.

[8] Focus on Learning, Formative Feedback, CNCM, 2015, lch 5.
Ar fáil ag https://ncca.ie/media/1925/assessment-booklet-3_en.pdf

## Cabhrú leis an scoláire tosú ar a phunann

Seo thíos roinnt ceisteanna tosaigh le haghaidh plé sa seomra ranga chun cabhrú leis an scoláire tosú ar a phunann




**Tabhair faoi deara:** Níl an liosta seo ceaptha le bheith saintreorach, beidh go leor ceisteanna eile ann ón scoláire nuair a bhíonn sé nó sí ag tosú ar a phunann agus de réir mar a leanann sé nó sí ar aghaidh tríd an bpróiseas.

## An gcruthaíonn gach duine punann?

Déanann, forbróidh gach scoláire a dhéanann an Liotuáinis, an Pholainnis agus an Phortaingéilis don Ardteistiméireacht (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) punann thar an dá bhliain den tsraith shinsearach.

## Cad atá i gceist le "téacsanna"?

Is féidir téacs a thabhairt ar gach táirge a bhaineann le húsáid teanga—teanga labhartha, scríofa, fhísiúil, nó ilmhódach. Ceanglaíonn téacsanna ilmhódacha teanga de chórais eile le haghaidh cumarsáide, mar shampla téacs clóite, íomhánna amhairc, fuaim agus an focal labhartha.

## Cad atá i gceist le hilteangach agus le hilchultúrtha?

Sna sonraíochtaí don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis, cuirtear síos ar an iltheangachas mar

> **"an stór focal teangeolaíoch dinimiciúil atá ag forbairt de chuid an úsáideora/fhoghlaimeora aonair ina dtarraingíonn sé ar a acmhainní agus a thaithí theangeolaíocha agus cultúrtha féin chun páirt níos iomláine a ghlacadh i gcomhthéacsanna sóisialta agus oideachasúla** [9]

Ciallaíonn sé seo gach ceann de d'achmhainní foghlama teanga agus d'acmhainní cultúrtha a úsáid chun cabhrú leat teangacha eile/teangacha nua a úsáid agus a fhoghlaim.

Is é seo a leanas an sainmhíniú a thugtar ar an ilchultúrachas:

> **"In inniúlacht chultúrtha duine, ní hé go mbíonn na cultúir éagsúla (náisiúnta, réigiúnach, sóisialta) ar a bhfuil fáil ag an duine ag cómhaireachtáil taobh le taobh agus sin amháin; déantar comparáid agus codarsnacht eatarthu agus idirghníomhaíonn siad go gníomhach chun inniúlacht shaibhrithe chomhtháite ilchultúrtha a tháirgeadh.**

Tagraíonn sé seo don am nuair a úsáideann tú do thuiscint ar chultúir éagsúla chun cabhrú leat tuiscint a fháil ar chultúir eile/nua, trí chomparáid a dhéanamh orthu, trí iad a chur i gcodarsnacht lena chéile agus smaoineamh go gníomhach fúthu.

[9] Sonraíochtaí an churaclaim don Liotuáinis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis, ROS2020, lch 3

## Cén chuma atá ar an bpunann teanga?

Beidh cuma dhifriúil ar an bpunann teanga do gach scoláire mar go bhfuil baint aige le do thuras foghlama aonair. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú féin agus do mhúinteoir cinneadh an stórálfaidh tú do chuid oibre go digiteach nó an mbainfidh tú úsáid as leagan páipéir de phunann. D'fhéadfá punann teanga cumaiscthe a úsáid freisin, le roinnt téacsanna stóráilte ar líne agus roinnt oibre a stóráil i bhformáid páipéir.

## Cá stóráiltear an phunann teanga?

Pléifidh do mhúinteoir leat an áit ina stórálfar do phunann teanga. Athróidh sé seo ag brath ar chomhthéacs na scoile. Tá sé an-tábhachtach go mbíonn rochtain agat ar do phunann ionas gur féidir leat do dhul chun cinn a rianú agus machnamh a dhéanamh ar do chuid foghlama. Is féidir an teicneolaíocht a bheith ina cabhair mhór anseo, mar is féidir leat cóipeanna boga a stóráil ar líne agus do thionscadail/déantáin a choinneáil sábháilte in aon áit amháin.

## An dtógaim mo phunann teanga isteach liom sa bhéaltriail?

Ní thógann tú an phunann teanga isteach sa bhéaltriail leat. Úsáidtear an phunann teanga chun comhrá agus plé a spreagadh nuair a bhíonn an bhéaltriail ar siúl, ach ní dhéanfar measúnú ar an bpunann féin chun críocha teistiúcháin.

## Cathain a thosaímid ag obair ar an bpunann teanga?

Oibreoidh tú ar an bpunann teanga ó thús an chúigiú bliain. Baileoidh tú ábhair, taighde, píosaí oibre iomlána agus déanfaidh tú machnamh ar an obair mar chuid den ghnáthphróiseas foghlama agus teagaisc. Is cuid thábhachtach de do chuid foghlama í an phunann teanga agus forbrófar í thar an dá bhliain den tsraith shinsearach.

## An féidir scrúduithe a bheith mar chuid de phunann teanga?

D'fhéadfadh sé go mbeadh na scrúduithe ina ngnáth-chuid den obair ranga. Is féidir tástálacha a úsáid chun do chuid gnóthachtála a "dhoiciméadú" agus is féidir iad a úsáid freisin chun machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha agat agus cabhrú leat spriocanna le haghaidh feabhsúcháin a shocrú.

## Cad mar gheall ar phíosaí oibre eile a eascraíonn as gnáth-obair ranga? An bhfuil mbíonn cleachtaí obair bhaile scríofa, tascanna, tionscadail, nó nótaí ar cheachtanna mar chuid den phunann freisin?

Bíonn na píosaí oibre seo mar chuid de do thaithí foghlama teanga agus bíonn siad mar chuid den phróiseas chun obair a bhailiú ionas gur féidir iad a chur san áireamh. Tá sé suas duit féin iad a úsáid nó gan iad a úsáid chun do chuid gnóthachtála a "dhoiciméadú", ach mar sin féin tá siad mar chuid de do thuras foghlama teanga aonair.

## An úsáidtear an phunann teanga chun críocha tuairiscithe?

Cinnfidh múinteoirí agus bainistíocht scoile i do scoil conas a chuirtear an dul chun cinn in iúl do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí. Níl sé indéanta gach píosa oibre a dhoiciméadú thar dhá bhliain mar sin pléifidh do mhúinteoir leat na píosaí oibre a úsáidfear chun dul chun cinn a dhoiciméadú.

# 1 priedas. Bendrieji raginimai apmąstyti [10]

## Bendroji informacija, tikslai ir pasiekimai

| | |
|---|---|
| Mano vardas | |
| Kalba, kurios mokausi | |
| Kodėl mokausi šios kalbos? | |
| Noriu sugebėti šia kalba | |
| Kokius šios kalbos mokėjimo tikslus noriu pasiekti ir kada | |

[10] Prieduose pateikiami šablonai yra tik pavyzdys. Galite naudoti juos tokius, kokie yra, ir (arba) pritaikyti savo reikmėms.

# 2 priedas.
# Bendrieji tikslai ir apmąstymai

| | |
|---|---|
| Dalykai, kuriuos mielai atlieku kalbos pamokose | |
| Dalykai, kurie man sekasi | |
| Tam tikra tarpkultūrinė mano patirtis, susijusi su šia kalba | |
| Dalykai, kurie man kelia sunkumų | |

# 3 priedas. Tikslų nustatymas

| Data | **Kalba, kurios mokausi:** | |
|---|---|---|
| ___/___/___ | Artimiausias mano tikslas: | |
| | Kaip man pavyko jį pasiekti? | |
| | Ką sužinojau apie save ar apie mokymąsi? | |

| Data | **Kalba, kurios mokausi:** | |
|---|---|---|
| ___/___/___ | Artimiausias mano tikslas: | |
| | Kaip man pavyko jį pasiekti? | |
| | Ką sužinojau apie save ar apie mokymąsi? | |

## Kalbas, kurių mokausi, norėčiau sugebėti vartoti šiais tikslais:

| Data | Kalba | | |
|---|---|---|---|
| ___/___/___ | | Ką norėčiau sugebėti: | |
| | | Kaip ketinu to pasiekti: | |
| ___/___/___ | | Ką norėčiau sugebėti: | |
| | | Kaip ketinu to pasiekti: | |
| ___/___/___ | | Ką norėčiau sugebėti: | |
| | | Kaip ketinu to pasiekti: | |
| ___/___/___ | | Ką norėčiau sugebėti: | |
| | | Kaip ketinu to pasiekti: | |
| ___/___/___ | | Ką norėčiau sugebėti: | |
| | | Kaip ketinu to pasiekti: | |

# 4 priedas.
# Užduoties arba projekto apmąstymas

| Kalba, kurios mokausi: | |
|---|---|
| Kodėl tai geras darbas? | |
| Kokia įdomiausia šio projekto dalis? | |
| Kokia dalis buvo sunkiausia? | |
| Ką sužinojau iš šios užduoties?<br>• Apie kalbą, kurios mokausi?<br>• Apie bendruomenę, kurioje vartojama ši kalba?<br>• Apie save? | |
| Kokių išteklių man reikėjo šiai užduočiai atlikti? | |
| Kokia šio projekto dalis man patiko labiausiai ir kodėl? | |
| Kaip ir kodėl galėčiau patobulinti šį projektą? | |

# 5 priedas.
# Tarpkultūrinės patirties apmąstymas

| Kalba, kurios mokausi: | | | |
|---|---|---|---|
| Aš mokausi šios kalbos jau | | | |
| Aš mokausi šios kalbos | mokykloje | namuose | kitur (nurodykite) |
| Šalyje, kurioje kalbama šia kalba, aš gyvenau (įveskite datas) | iki 1 mėnesio | iki 3 mėnesių | daugiau nei 3 mėnesius |

Toje šalyje lankiausi norėdama(s):

☐ lankyti kalbos kursus ☐ praleisti atostogas ☐ dėl kitos priežasties ____________________

| Be to, turėjau tokios su šia kalba susijusios patirties: | | |
|---|---|---|
| **Pažymėjimai ir diplomai (A1–B2 mokėjimo lygių)** | **Pažymėjimo arba egzamino pavadinimas** | **Suteikimo metai** |
| | | |
| | | |
| | | |

**Kalba:**

**Su šia kalba susijusią kultūrą pažinau tokiais būdais (įveskite datas)** 1

**Galėjau vartoti šią kalbą tokiose situacijose (įveskite datas)** 2

**Apie su šia kalba susijusią kultūrą sužinojau tokiais būdais (įveskite datas)** 3

# 6 priedas.
# Kalbos ir kultūros apmąstymas

| | | |
|---|---|---|
| Kalba | | |
| Medžiaga, medija, ištekliai | | ___/___/20 Data |
| Mano pastebėti kalbos arba kultūros aspektai | | |
| | | |

| | | |
|---|---|---|
| Medžiaga, medija, ištekliai | | ___/___/20 Data |
| Mano pastebėti kalbos arba kultūros aspektai | | |
| | | |

| | | |
|---|---|---|
| Medžiaga, medija, ištekliai | | ___/___/20 Data |
| Mano pastebėti kalbos arba kultūros aspektai | | |
| | | |

# 7 priedas. Apmąstymas apie tai, kaip vartoju kalbas

A. Neskaitant kalbos pamokų, kalbas, kurių mokausi arba kurias jau moku, vartoju (vartojau) šiose situacijose:

| Data | Kalba (-os) | Kada? Kur? Su kuo? | Ką apie tai galvoju ir kokios naudos iš to gaunu |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

| Data | Kalba (-os) | Kada? Kur? Su kuo? | Ką apie tai galvoju ir kokios naudos iš to gaunu |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

| Data | Kalba (-os) | Kada? Kur? Su kuo? | Ką apie tai galvoju ir kokios naudos iš to gaunu |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**B. Kartais vartoju (vartojau) kelias kalbas vienu metu arba „tarpininkauju“ („tarpininkavau“) bendraujant skirtingų kultūrų atstovams, kurie kalba skirtingomis kalbomis,** pavyzdžiui:

- kad padėčiau kita kalba kalbančiam žmogui, kuris kažko nesuprato;
- kad papasakočiau kitam asmeniui apie tekstą ar pranešimą, kurį perskaičiau ar girdėjau kita kalba;
- ir kt.

| Data | Situacija | Vartotos kalbos | Kaip man sekėsi?<br>Kas man buvo sunku?<br>Kas man padėjo? |
|---|---|---|---|
| ___/___/20 | | | |
| | | | |
| | | | |
| ___/___/20 | | | |
| | | | |
| | | | |
| ___/___/20 | | | |
| | | | |
| | | | |
| ___/___/20 | | | |
| | | | |
| | | | |

# 8 priedas. Apmąstymas apie tai, kaip sprendžiu bendravimo problemas

| Kalba, kurios mokausi: | |
|---|---|
| Naujausia problema, kuri kilo, kai bandžiau bendrauti šia kalba | |
| Kaip aš sprendžiau šią problemą? | |
| Naujausia problema, kuri kilo, kai bandžiau bendrauti šia kalba | |
| Kaip aš sprendžiau šią problemą? | |
| Naujausia problema, kuri kilo, kai bandžiau bendrauti šia kalba | |
| Kaip aš sprendžiau šią problemą? | |

# 9 priedas. Mokymosi apmąstymas

## Bendroji informacija, tikslai ir pasiekimai

| Data | **Kalba, kurios mokausi:** | |
|---|---|---|
| __/__/__ | Kokie mano veiksmai padeda man išmokti šios kalbos? | |
| | Kodėl man tai padeda? | |
| | Išbandyti nauji dalykai: | |
| | Ar jie man buvo naudingi? Kuo? | |

# Aguisín 10: Tacaíocht bhreise

## Díriú ar Leabhráin Foghlama

Forbraíodh ábhair chun tacú le cur chuige don scoil uile chun cleachtas measúnaithe éifeachtach agus leanúnach a fhorbairt. I measc na n-ábhar seo, tá leabhráin cheardlainne agus sleamhnáin ar na bealaí is fearr chun tacú le haiseolas foirmitheach agus le machnamh an scoláire.

## Tacaíochtaí Punainne sa tsraith shóisearach

Tá réimse tacaíochtaí ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí i dtaca le punanna na sraithe sóisearaí ar féidir rochtain a fháil orthu ar a láithreán gréasáin. Cé go ndéantar measúnú ar phunanna ar bhealaí éagsúla sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach, tá spiorad na punainne mar an gcéanna ag gach leibhéal.

## Foilseachán

**Inside the black box:** Raising standards through classroom assessment (Black, P., and Wiliam D. 1998).